# Scéim Infheistíochta na bhFéilte 2025

## Treoirlínte d'Iarratasóirí

Babhta 2 d'fhéilte a bheidh ar siúl ón 1 Iúil - 31 Nollaig 2025

Banda A – le haghaidh dámhachtainí suas le €10,000

Banda B – le haghaidh dámhachtainí €10,001–€25,000

Banda C – le haghaidh dámhachtainí €25,001–€45,000

**Spriocdháta do Bhabhta 2: 5.30i.n. (am na hÉireann), Déardaoin an 21 Samhain 2024**

**Daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais rochtana acu**

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil riachtanais rochtana acu atá ag cur isteach ar mhaoiniú nó a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar Sheirbhísí ar Líne.

Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil linn chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta.

Teagmhálaí: An tOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Guthán: 01 618 0200 nó 01 618 0243

Ríomhphost: access@artscouncil.ie

## CLÁR

**Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 3

**Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu** 4

**An banda ceart a roghnú do Scéim Infheistíochta na bhFéilte** 5

**1. Maidir le Scéim Infheistíochta na bhFéilte** 7

1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach 7

1.2 Cuspóirí, aidhm agus tosaíochtaí Scéim Infheistíochta na bhFéilte 8

1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 9

1.4 Cé hé an t-iarratasóir? 11

1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 11

1.6 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh? 11

1.7 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air? 16

1.8 Cén t-ábhar tacaíochta atá le cur isteach le d'iarratas? 17

1.9 Incháilitheacht 21

**2. D'iarratas a dhéanamh** 22

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon 22

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais 23

2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas 23

2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne 25

**3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas** 27

3.1 Forbhreathnú 27

3.2 An próiseas measúnaithe 27

3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú 28

3.4 Próiseas scórála 31

3.5 Toradh na n-iarratas 34

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar **01 618 0200/01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón. http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/

Chun féachaint ar ár dtreoir YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh, téigh chuig:

https://www.youtube.com/watch?v=-a3xeZdZj3oh

## Pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu

- D’fhonn iarratas a dhéanamh, **ní mór** duit a bheith cláraithe le haghaidh cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS). Mura bhfuil ceann agat, is féidir leat clárú le ceann a fháil anseo. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le **cúig lá oibre** a thógáil sular féidir úsáideoir nua a chlárú ar OLS, mar sin tabhair go leor ama duit féin é seo a dhéanamh sula mbeidh an spriocdháta buailte leat.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d’iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d’iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d’iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, bheadh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus bheimis in ann cuidiú leat.
- Tabhair faoi deara, de bharr an lín mhóir iarrthóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spriocdháta, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn **i ndiaidh a 2.00 p.m. lá an spriocdháta**.
- Léigh an seicliosta seo a leanas go cúramach:

---

- [ ] Tá na treoirlíne seo léite agam agus tuigim iad.
- [ ] Sa chás go raibh fadhb agam, chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cúnamh a fháil.
- [ ] Tá gach rannán den fhoirm iarratais a bhaineann le m’iarratas comhlánaithe agam.
- [ ] Tá gach ábhar tacaíochta atá riachtanach ullmhaithe agam, mar a shonraítear sna treoirlínte seo, agus tá siad sin réidh le huaslódáil agam.
- [ ] D’iarr mé ar dhuine éigin eile m’iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

---

# Nóta tábhachtach faoin scéim

## An banda ceart a roghnú do Scéim Infheistíochta na bhFéilte

Tá trí bhanda i Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus ceapadh gach ceann acu le tacú le féilte ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt. Ní féidir le heagraíocht **ach iarratas amháin** sa bhliain a dhéanamh faoi Scéim Infheistíochta na bhFéilte (i.e. iarratas amháin i mbanda amháin gach bliain féilire). Ba chóir duit an ceann is oiriúnaí a roghnú do d'eagraíocht féile féin. Iad siúd atá ag feidhmiú:

- Féile bheag, féile nua ina bhfuiltear ag iarraidh smaointe nua a thriail, féile atá i gcéimeanna tosaigh na forbartha nó féile gan struchtúr gnó foirmiúil: ba cheart dóibh smaoineamh ar chur isteach ar Bhanda A.

  **Maoiniú ar fáil suas le €10,000**

- Féile bheag nó mheánmhéide ina bhfuiltear ag iarraidh cumas cláir a neartú i bhfoirm ealaíne ar leith nó ina bhfuiltear ag iarraidh straitéisí a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht an phobail: ba cheart dóibh smaoineamh ar chur isteach ar Bhanda B.

  **Maoiniú ar fáil €10,001–€25,000**

  **Tabhair faoi deara:** **ní mór** d'eagraíochtaí a bheith ar an bhfód ar feadh **trí bliana** ar a laghad agus **trí chlár féile ar a laghad as a chéile** a bheith curtha i gcrích acu mar bhunriachtanas chun iarratas a dhéanamh ar an mbanda seo (féach ar chuid **1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?** le haghaidh tuilleadh eolais).

- Féile mheánmhéide atá á stiúradh go straitéiseach agus ina bhfuiltear ag iarraidh cumas a neartú i bhforbairt foirm ealaíne (mar shampla comhchoimisiúnú, léiriú, etc.): ba cheart dóibh smaoineamh ar chur isteach ar Bhanda C.

  **Maoiniú ar fáil €25,001–€45,000**

  **Tabhair faoi deara:** **ní mór** d'eagraíochtaí a bheith ar an bhfód ar feadh **cúig bliana** ar a laghad agus **cúig chlár féile ar a laghad as a chéile** a bheith curtha i gcrích acu mar bhunriachtanas chun iarratas a dhéanamh ar an mbanda seo (féach ar chuid **1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?** le haghaidh tuilleadh eolais).

Moltar freisin gur cheart do na hiarrthóirí seo a leanas labhairt lena bhfoireann measúnaithe do Scéim Infheistíochta na bhFéilte nó Ceann na bhFéilte sula ndéanann siad iarratas:

- Eagraíochtaí féile a bhfuil sé i gceist acu iarratas a dhéanamh ar Bhanda B nó ar Bhanda C don chéad uair
- Féile ar tacaíodh léi cheana trí Bhanda B ar mian léi iarratas a dhéanamh ar Bhanda C.

Moltar d'iarratasóirí nua nó d'iarratasóirí a fhilleann ar an scéim freastal ar chlinic iarratais na Scéime Infheistíochta Féilte. Tá tuilleadh sonraí ar fáil anseo.

## Aistrithe banda

Má tá tú ag cur isteach ar na bandaí B nó C, féadfar iarratais a aistriú go banda níos ísle (más incháilithe):

- Mura bhfuil dóthain fianaise san iarratas don bhanda faoina ndearna tú iarratas
- Má tá an maoiniú atá á iarraidh faoi bhun na tacaíochta airgeadais atá ar fáil sa bhanda sin.

**Tabhair faoi deara:** cuirfear aistrithe banda in iúl d'iarratasóirí i scríbhinn.

Ní bhogtar iarratais chuig banda níos airde i gcúinsí ar bith.

**Dámhachtainí banda**

Mar gheall ar nádúr iomaíoch agus buiséadach na scéime, d'fhéadfadh go mbeadh an maoiniú a thairgtear níos lú ná íosteorainn an bhanda.

Coimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart chun níos lú a bhronnadh i gcúinsí ina measann sí go n-oireann an fhaisnéis a tugadh do bhanda infheistíochta níos ísle ná an ceann a ndearna d'eagraíocht iarratais air.

# 1. Maidir le Scéim Infheistíochta na bhFéilte

## 1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon.

| | |
|---|---|
| Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas do Bhabhta 2: | 5.30i.n., Déardaoin an 21 Samhain 2024 |

**Faisnéis faoin Dámhachtain**

Tá féilte ar chuid de na himeachtaí is tábhachtaí ina gcruthaítear agus ina gcuirtear na healaíona i láthair lucht féachana mór ilghnéitheach. Bíonn níos mó daoine in ann teacht ar na healaíona mar gheall orthu freisin. Cuireann siad ardáin agus deiseanna ríthábhachtacha ar fáil d'ealaíontóirí chun go mbeidh siad in ann a gcleachtas a fhorbairt. Is minic a chuirtear na healaíona i láthair ar bhealaí úra dúshlánacha, i spásanna traidisiúnta ealaíon agus i spásanna nach mbaineann leis na healaíona araon.

Tá ról ar leith ag féilte beaga agus meánmhéide maidir le healaíona a sholáthar don phobal agus le saol beoga inbhuanaithe ealaíon a fhorbairt go háitiúil; ag cur rochtain riachtanach ar fáil ar na healaíona i réimsí rannpháirtíochta ísle. Tugann siad deiseanna tábhachtacha d’ealaíontóirí agus do lucht féachana/éisteachta idirghníomhú i gcomhthéacs a bhaineann, go minic, le ceiliúradh. Féadfaidh gnéithe amhail an ceantar, braistint phobail agus tiomantas na ndaoine sin a eagraíonn an t-imeacht an comhthéacs sin a mhúnlú. Féadann sé pobail a chumasú lena stair féin a choimeád agus a shainmhíniú agus tráchtaireacht shóisialta agus machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht trí chláir agus imeachtaí féile.

Chuige sin, is eol don Chomhairle Ealaíon an méid mór oibre a dhéanann na coistí deonacha chun féilte a fhorbairt agus a bhuanú. Anuas air sin, aithníonn an Chomhairle Ealaíon an nádúr casta agus speisialta a bhaineann le ‘déanamh féilte’ mar ghníomhaíocht chruthaitheach agus a ról coimeádaíochta i bhforbairt cláraithe ealaíonta, agus gur féidir comhpháirtíochtaí comhoibríocha nua le haghaidh ealaíontóirí agus cuir chuige éagsúla do chruthú na n-ealaíon a bhunú mar thoradh uirthi.

Is é ról na Comhairle Ealaíon tacú le timpeallacht féilte ealaíon ilghnéitheacha agus éagsúla agus tacú lena forbairt, mar aon le sraith tacaíochtaí a chur ar fáil a spreagann samhlacha a bhfuil an cleachtas is fearr acu, i.e. samhlacha a mhéadaíonn deiseanna do chaidreamh leis an bpobal nó do rannpháirtíocht an phobail nó a fhorbraíonn saothar ealaíontóra/foirm ealaíne.

I dtaca leis sin cuireann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgeadais ar fáil d’fhéilte beaga chun taithí ar ealaíona ardcháilíochta a thabhairt do lucht féachana agus éisteachta. Tugtar tosaíocht freisin do chláir a chruthaíonn rannpháirtíocht na bpobal áitiúil agus atá ábhartha dóibh nó do phobail leasmhara.

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon an éagsúlacht a bhaineann le samhlacha oibriúcháin d’fhéilte agus an éagsúlacht shaibhir de réimsí cleachtais foirm ealaíne a chuireann féilte i láthair agus an ról ríthábhachtach atá acu chun rochtain an phobail ar na healaíona a leathnú. I dtaca leis sin cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó eagraíochtaí a bhíonn ag oibriú ar chláir féile bhliantúla, dhébhliantúla nó thríbhliantúla agus tacaíonn sí (tríd an dámhachtain seo) le féilte ealaíon ildisciplíneacha chomh maith leo siúd i bhfoirm ealaíne amháin.

Is scéim iomaíoch í Scéim Infheistíochta na bhFéilte a thugann tacaíocht mhaoinithe i gcomhair reáchtáil féilte ar **bhonn neamh-athfhillteach**.

**<u>Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtugtar maoiniú faoin gclár seo ar bhonn aonuaire.</u>** Mar sin de, **níor chóir** dóibh siúd a fuair dámhachtainí sna babhtaí maoinithe den Scéim Infheistíochta na bhFéilte roimhe seo **glacadh leis** go soláthrófar maoiniú.

Nuair is incháilithe, roghnaíonn iarratasóirí an banda is infheidhme maidir lena mhúnla féile agus a iarratas ar mhaoiniú.

Mar gheall ar nádúr iomaíoch na scéime seo, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuair an Chomhairle Ealaíon 154 iarratas ar Bhabhta 2 2024 agus go raibh sé in ann tacú le 89 dtogra (58% d'eagraíochtaí is iarratasóirí) Seo a leanas an meánphraghas dámhachtana a cuireadh ar fáil faoin scéim maoinithe seo sa bhabhta seo:

- Banda A  €6,123
- Banda B  €18,019
- Banda C  €34,441

**Dátaí cáilitheacha le haghaidh Scéim Infheistíochta na bhFéilte 2025**

Tá **Babhta 2** de Scéim Infheistíochta na bhFéilte 2025 le haghaidh féilte a thosaíonn a ngníomhaíocht féilte **idir an 1 Iúil 2025 agus an 31 Nollaig 2025**.

## 1.2 Cuspóirí, aidhm agus tosaíochtaí Scéim Infheistíochta na bhFéilte

**Cuspóirí**

Timpeallacht féilte ealaíon ilghnéitheacha agus éagsúla a chinntiú trí thacaíocht a thabhairt do réimse éagsúil cláir féile bheaga agus mheánmhéide agus samhlacha féile chun gníomhaíochtaí/cláir féile ealaíon d'ardchaighdeán tarraingteacha a chur ar fáil do lucht féachana d'fhonn cur le forbairt na gcleachtas foirme ealaíne agus deiseanna maidir le rannpháirtíocht an phobail a mhéadú.

Tá straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* (http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/) mar bhonn eolais faoi na dámhachtainí agus na scéimeanna uile.

**Cuspóir**

Bainfidh an Chomhairle Ealaíon cuspóirí Scéim Infheistíochta na bhFéilte amach trí thacú leis na cineálacha tograí tionscadail seo a leanas:

- Ina gcuirtear fís uileghabhálach ealaíne in iúl a thagann le cineál na ngníomhaíochtaí beartaithe agus a léiríonn **sármhaitheas ealaíne**
- Ina léirítear fianaise ar thiomantas do **chuspóirí/thosaíochtaí** na Comhairle Ealaíon **a bhaineann leis an gclár atá beartaithe**
- Ina léirítear bainistiú fónta, éifeachtach ar fhéilte agus ar airgead, cuntas teiste sármhaitheasa, agus soláthar ardchaighdeáin, a chinntíonn go bhfuil an tionscadal **indéanta.**

**Tosaíochtaí na scéime**

Tabharfar tús áite do thograí:

- **Rannpháirtíocht an phobail** a léiriú trí na rudaí seo a leanas:
    - Fianaise ar straitéisí forbartha lucht féachana/éisteachta a thugann deiseanna don phobal freastal ar imeachtaí ealaíon agus/nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíon
    - Deiseanna a chur ar fáil don phobal mór a bheith ag comhoibriú le healaíontóirí.
- **Tosaíochtaí na féile** a léiriú trí na nithe seo a leanas:
    - Fianaise maidir le hardleibhéal comhtháthaithe le hacmhainní áitiúla agus tacaíocht ó réimse éagsúil comhpháirtithe a léiriú
    - Tiomantas a léiriú do chomhoibriú le heagraíochtaí a thacaíonn le hobair na féile agus a neartaíonn í
    - Tuiscint ar an gcomhthéacs/áit ina bhfuil an fhéile á cur i láthair, agus fianaise ar luach don phobal sa cheantar féin a léiriú
    - Feasacht ar ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu sa réigiún agus an chaoi a bhfuil an fhéile ag oibriú chun tacú lena bhforbairt a léiriú.
- **Tosaíochtaí a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht** a léiriú trí na nithe seo a leanas:
    - An chaoi a bhfuil comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht mar pháirt de chleachtais oibre na heagraíochta a léiriú.

### Tabhair faoi deara

I gcomhthéacs féile **aithnímid rannpháirtíocht an phobail** mar: lucht féachana, léitheoirí, éisteoirí, lucht freastail nó tomhaltóirí eile, oibrithe deonacha, rannpháirtithe nó comhoibritheoirí.

**Cuirfear raon réigiúnach agus raon áitiúil na** ngníomhaíochtaí ealaíon san áireamh i Scéim Infheistíochta na bhFéilte. D’fhéadfaí tús áite a thabhairt d’fhéilte i gceantair nach mbíonn mórán gníomhaíochtaí ealaíon le sonrú iontu faoi láthair in áit na gceantar sin ina mbíonn cuid mhór gníomhaíochtaí ealaíon, lena n-áirítear obair eagraíochtaí eile a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon.

### Na tosaíochtaí ísle

**Meastar gur tosaíochtaí ísle iad na gníomhaíochtaí seo a leanas maidir leis an machnamh a dhéanfar ar mhaoiniú:**

- Moltaí ar shraith leanúnach imeachtaí nó imeachtaí/gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl tríd an mbliain (e.g. clár ceoil nó litríochta ráithiúil nó míosúil)
- Cláir atá dírithe go príomha ar shraith ceardlann, scoileanna samhraidh, ranganna leanúnacha nó imeachtaí aonuaire, etc. a sheachadadh.
- Coinbhinsiúin nach mbíonn an pobal ina phríomhthairbhí díobh
- Aonaigh trádála nó cláir chomhdhála.

## 1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá dhá bhabhta ag Scéim Infheistíochta na bhFéilte. Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ach ar an mbabhta a bhaineann le dátaí d’fhéile.

Tá **Babhta 2** oscailte d'eagraíochtaí atá lonnaithe i bPoblacht na hÉireann agus a chuireann **féilte** a bhfuil aidhm ealaíonta shoiléir acu chun cinn agus a thosóidh agus a bheidh ar siúl idir **an 1 Iúil-31 Nollaig 2025**.

Ní féidir le heagraíocht **ach iarratas amháin** sa bhliain a dhéanamh faoi Scéim Infheistíochta na bhFéilte (i.e. iarratas amháin i mbanda amháin gach bliain féilire).

**Iarratasóirí Banda B:**

- **Ní mór d'eagraíochtaí a bheith ar an bhfód le trí bliana ar a laghad** agus a bheith tar éis trí chlár féile as a chéile a chur i gcrích don tionscadal féile a luaitear i gcuid **3.1** den fhoirm iarratais (ní chaithfidh na cláir a bheith maoinithe ag an gComhairle Ealaíon).

**Iarratasóirí Banda C:**

- **Ní mór d'eagraíochtaí a bheith ar an bhfód le cúig bliana ar a laghad** agus a bheith tar éis cúig chlár féile as a chéile a chur i gcrích don tionscadal féile a luaitear i gcuid **3.1** den fhoirm iarratais (ní chaithfidh na cláir a bheith maoinithe ag an gComhairle Ealaíon).

Mar chuid dá Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir féideartha beag beann ar:

- Inscne
- Claonadh gnéis
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Reiligiún
- Aois
- Míchumas
- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch.

Sa scéim maoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na tréithe a luaitear thuas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach leo.

### 1.4 Cé hé an t-iarratasóir?

Is é an t-iarratasóir an eagraíocht a gheobhaidh aon mhaoiniú a bheidh á thairiscint agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha an mhaoinithe sin a ghlacadh.

Ní íocfar aon mhaoiniú a thairgfear ach **isteach i gcuntas bainc** atá i seilbh **in ainm eagraíocht an iarratais**.

Ní mór go mbeadh na cáipéisí go léir a chuirfear ar fáil in ainm na heagraíochta atá i mbun iarratais – e.g. má dhéanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú faoin ainm Coiste Fhéile Ealaíon an Bhaile Nua, ní mór go mbeadh gach cáipéis, lena n-áirítear sonraí bainc agus sonraí cánach, san ainm sin.

### 1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá siad seo a leanas i measc na n-eagraíochtaí nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh faoin scéim:

1. Daoine aonair
2. Eagraíochtaí a bhfeilfeadh a ngníomhaíochtaí beartaithe níos fearr do scéim maoinithe eile de chuid na Comhairle Ealaíon
3. Eagraíochtaí tráchtála a roinneann an brabús ar a gcuid ball
4. Eagraíochtaí/féilte atá lonnaithe thar lear; féadfaidh iarratasóirí atá lonnaithe i bPoblacht na hÉireann comhoibriú le heagraíocht atá bunaithe thar lear áfach
5. Eagraíochtaí ina bhfuil an ghné is suntasaí den chlár iomaíoch
6. Eagraíochtaí atá ag fáil Maoiniú Straitéiseach, Maoiniú Comhpháirtíochta nó Maoiniú Ionaid Ealaíon
7. Eagraíochtaí **a fhaigheann** Maoiniú Deontais do na hEalaíona 2025 **nó a rinne iarratas air** chun tabhairt faoi **<u>aon</u> chlár féile**
8. Comhaltaí de Chomhairle na nInstitiúidí Náisiúnta Cultúrtha (CNCI) atá maoinithe go díreach ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
9. Eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú go díreach ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán do chláir féilte in 2025 (lena n-áirítear maoiniú a thairgtear trí scéim na bhFéilte Áitiúla ar Scála Beag agus na Scoileanna Samhraidh).
10. Eagraíochtaí ag déanamh cláir féile a mholadh a thagann lasmuigh de na dátaí cáilitheacha don bhabhta iarratais seo. Féach ar chuid **1. Maidir le Scéim Infheistíochta na bhFéilte** agus cuid **1.3 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**

### 1.6 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh?

Féadfaidh tú iarratas a chur isteach ar mhaoiniú i dtaca le costais ghníomhaíochta a bhfuiltear ag súil leis go dtabhóidh d'fhéile iad. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Táillí na n-ealaíontóirí (táillí taibhithe san áireamh)
- Costais chíosa ionad tionóil
- Costais foirne (e.g. tacaíocht riaracháin, theicniúil agus fáiltithe a bhfuil baint dhíreach aici leis an bhféile)

- Forbairt an lucht féachana/éisteachta – gníomhaíocht a dhéantar chun caidreamh leanúnach a bhunú le lucht féachana/éisteachta nua agus leis an lucht féachana/éisteachta atá ann cheana féin
- Costais mhargaíochta agus phoiblíochta
- Costais theicniúla agus léiriúcháin
- Costais taistil agus costais a bhíonn ar na healaíontóirí
- Ranníocaíocht i leith cartlannú féilte.

**Cé mhéad maoinithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh air?**

| | |
|---|---|
| Is é an t-uasmhéid a bhronnfar ar iarratasóir rathúil faoi Bhanda A* ná: | **€10,000** [1] |
| Is é an t-uasmhéid a bhronnfar ar iarratasóir rathúil faoi Bhanda B** ná: | **€25,000** [1] |
| Is é an t-uasmhéid a bhronnfar ar iarratasóir rathúil faoi Bhanda C*** ná: | **€45,000** [1] |

*** I mBanda A:**
Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an **caiteachas beartaithe** agus an t-**ioncam beartaithe** a shonraíonn tú i do bhuiséad (cuid **5** den fhoirm iarratais). Níor cheart go mbeadh an figiúr sin níos airde ná teorainn na dámhachtana, €10,000.

**** I mBanda B:**

Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an **caiteachas beartaithe** agus an t-**ioncam beartaithe** a shonraíonn tú i do bhuiséad (cuid **5** den fhoirm iarratais). Níor cheart go mbeadh an figiúr seo níos ísle ná €10,001 ná níos airde ná teorainn an bhanda €25,000.

***** I mBanda C:**

Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an **caiteachas beartaithe** agus an t-**ioncam beartaithe** a shonraíonn tú i do bhuiséad (cuid **5** den fhoirm iarratais). Níor cheart go mbeadh an figiúr seo níos ísle ná €25,001 ná níos airde ná teorainn an bhanda €45,000.

**Tabhair faoi deara**

*Má tá maoiniú á lorg agat ar €10,000 nó níos lú, ba cheart duit Banda A i gcuid 1.5 den fhoirm iarratais agus ar líne a roghnú agus d'iarratas á chur isteach.*

*Má tá maoiniú idir €10,001 agus €25,000 á iarraidh agat, ba cheart duit Banda B i gcuid 1.5 den fhoirm iarratais agus ar líne a roghnú agus d'iarratas á chur isteach.*

*Má tá maoiniú idir €25,001 agus €45,000 á iarraidh agat, ba cheart duit Banda C i gcuid 1.5 den fhoirm iarratais agus ar líne a roghnú agus d'iarratas á chur isteach.*

**Bainteach leis na bandaí go léir**
Ba cheart go n-áireofaí le caiteachas beartaithe gach costas incháilithe a bhaineann le d'iarratas (féach ar chuid **1.6 Cad is féidir leat iarratas a dhéanamh air?**).

Ba cheart go n-áireofaí leis an ioncam beartaithe an méid airgid a shíleann tú a gheofar ó mhaoinitheoirí eile, fáltais ó dhíol ticéad, díolacháin chlár, urraíocht tráchtála, etc.
Is tábhachtach freisin gach tacaíocht[2] chomhchineáil a léiriú san ioncam agus sa chaiteachas araon chun fíorluach agus luach iomlán do thogra a chur in iúl (féach thíos)

| | |
|---|---|
| **[1] Nóta maidir leis an uasteorainn dámhachtana a shárú** | Déantar eisceacht do chostais rochtana maidir le healaíontóirí nó rannpháirtithe faoi míchumas i gcás ina bhféadfaí an uasteorainn dámhachtana a shárú. Sna cúinsí seo, chun ndéanfar na costais seo a mheas, ní mór costais rochtana maidir le míchumas a leagan amach go soiléir i d'iarratas togra. (féach ar an gcuid dar teideal '***Costais rochtana d'ealaíontóirí agus rannpháirtithe faoi mhíchumas'*** *thíos).* |
| **[2] Nóta i dtaobh tacaíocht chomhchineáil** | Má tá tú ag súil le tacaíocht chomhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an ranníocaíocht a dhéanann sí le fíorluach do thogra soiléir. Ba cheart duit caitheamh le tacaíocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam araon: **pé méid a dhearbhaíonn tú ar thaobh an chaiteachais, ba cheart duit é a dhearbhú freisin ar thaobh an ioncaim (i.e. an méid céanna).**<br><br>Ní féidir am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a áireamh mar chostas comhchineáil.<br><br>Más ioncam comhchineáil amháin atá san ioncam iomlán le haghaidh do thionscadail, ní mór duit a mhíniú cén fáth nach gcuirtear foinsí ioncaim eile ar fáil sa bhuiséad atá beartaithe agat. |
| **[3] Nóta maidir le pá ealaíontóirí** | Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, tá beartas foilsithe ag an gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Áirítear anseo prionsabail an chleachtais is fearr ar cheart dóibh siúd ar fad a oibríonn sna healaíona a bheith ag dréim leo.<br><br>Caithfear gach ealaíontóir a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí a mhaoiníonn an Chomhairle Ealaíon a íoc go cóir. Caithfidh aon duine a bhfuil maoiniú á lorg acu ón gComhairle Ealaíon insint dúinn cén chaoi a gcinnteoidh siad go bhfaighidh ealaíontóirí pá agus coinníollacha córa agus sonraí maidir leis sin a thabhairt ina mbuiséid. Úsáidfimid é seo mar chuid den phróiseas measúnaithe, agus ní thairgfimid aon mhaoiniú má mheasaimid go bhfuil an pá ró-íseal nó faoi chaighdeáin an tionscail, nó nach bhfuil téarmaí an fhostaithe cuí. Trínár |

| | |
|---|---|
| | meicníochtaí tuairiscithe, déanfaimid monatóireacht ar chomhlíonadh.<br>Ní leagaimid amach ná ní mholaimid rátaí pá ach aithnímid ról na n-eagraíochtaí sin a bhfuil sainordú acu sin a dhéanamh agus tagraímid dóibh sin i gcás gur ann dóibh. Tugaimid tiomantas freisin do thacú le príomheagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne chun athbhreithniú a dhéanamh ar rátaí tionscail agus chun uirlisí nua a fhorbairt a thacaíonn leis an bpróiseas conraitheoireachta. |

Iarrtar ort an t-ioncam, an caiteachas agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag dhá chéim le linn an phróiseas iarratais:

- Ar líne, nuair a chuirfidh tú tús leis an iarratas (na figiúirí iomlána amháin)
- I gcuid **5** den fhoirm iarratais.

### Tabhair faoi deara

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna sa dá chás: agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN **lúide** IONCAM IOMLÁN.

## Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe[3] faoi mhíchumas

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear:

'Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile.'

Is féidir leat costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh laistigh de d'iarratas agus tá dhá chineál ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu.

**1. Costais rochtana phearsanta nó do rannpháirtí faoi mhíchumas**

Ba cheart go mbainfeadh na costais seo bacainní d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas atá ag seachadadh do thogra – e.g.

- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin

[3] Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta.

- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin.

Seo a leanas samplaí de thacaíocht, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana.

**Tabhair faoi deara:** is féidir cur isteach ar na costais sin anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain agus iad a chur leis an méid iomlán atá á iarraidh.

2. **Costais a bhaineann le do shaothar a dhéanamh inrochtana do dhaoine eile – costais rochtana phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas**

Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar, agus sásamh a bhaint as an obair a mhaoinímid.

Is costais iad seo chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart iad a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Sampla de chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas chun do shaothar a dhéanamh inrochtana do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d'imeacht nó le haghaidh do thaibhithe
- Úsáid a bhaint as seirbhís tráchtaireachta fuaime
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail braille nó fuaim.

**Tabhair faoi deara:** Mínigh conas a dhéanann tú do chuid oibre insroichte i gcuid 4.1 den fhoirm iarratais — Tosaíochtaí na Dámhachtana

**Cad a tharlóidh má tá an maoiniú a chuirtear ar fáil níos lú ná an méid a d'iarr mé?**

Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná an méid a d'iarr tú, pléifimid leat conas a bheartaíonn tú do ghníomhaíocht mholta a sheachadadh agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar an mbuiséad athbhreithnithe.

Nílimid ag súil go ndéanfaidh tú aon tacaíocht rochtana a laghdú nó a bhaint chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine eile a chuir tú san áireamh i d'iarratas.

**Tabhair faoi deara:** cuir na costais seo san áireamh sa mhéid iomlán atá á iarraidh mar chuid den uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

**Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas**

Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais do rannphháirtithe nó do lucht féachana.

Má chuireann tú costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i do thogra, ní mór duit

- Na costais a chur in iúl i línte ar leith i d'fhoirm iarratais.
- cáipéis ghairid a uaslódáil ina leagtar amach na riachtanais rochtana agus na costais a bhaineann leo
- Cuir figiúr na gcostas rochtana san áireamh sa mhéid iomlán atá á iarraidh.

**Tabhair faoi deara:** ní mór an dá chineál costas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thaispeáint ar leithligh laistigh de do bhuiséad.

Má bhronntar dámhachtain ort atá níos lú ná an méid a d'iarr tú, iarrfaimid ort buiséad leasaithe a chur ar fáil agus pléifimid leat an bealach a bhfuil sé i gceist agat do ghníomhaíocht bheartaithe a sholáthar. Ní bheimis ag súil leis go laghdófá nó go bhfaighfeá réidh le haon tacaíocht rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a luaigh tú ar d'iarratas.

## 1.7 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air?

I measc na ngníomhaíochtaí agus na gcostas nach féidir leat cur isteach orthu, tá siad seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí nach mbaineann leis na healaíona – e.g. imeachtaí a bhaineann le hoidhreacht nó le ceardaíocht, iad siúd ar imeachtaí tráchtála, aontaí bia nó imeachtaí spóirt iad go príomha
- Cláir oiliúna do dhaoine aonair nó cláir a bhíonn ar siúl i dtimpeallacht oideachais fhoirmiúil nuair nach bhfuil baint ag an bpobal áitiúil leis an ngníomhaíocht sin
- Gníomhaíochtaí a tharla cheana féin nó a mbeidh tús curtha leo sula ndéanfar cinneadh ar d'iarratas (ní áirítear leis seo taighde, ullmhúchán agus pleanáil do chlár d'fhéile a bheidh ar siúl ar na dátaí a leagtar amach i gcuid 3.1 de d'fhoirm iarratais)
- Gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó a bheidh ar siúl go príomha chun brabús a dhéanamh

- Comhdhálacha nó siompóisiamaí acadúla aonuaire nach mbíonn buntáiste don phobal i gcoitinne iontu
- Gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl lasmuigh de Phoblacht na hÉireann
- Costais chaipitil, ar nós trealamh a cheannach.
- Imeachtaí iomaíocha

## 1.8 Cén t-ábhar tacaíochta atá le cur isteach le d'iarratas?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta ábhar **ar leith ó** d'fhoirm iarratais agus **sa bhreis air**. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra. Léigh go han-chúramach an liosta seo a leanas den ábhar tacaíochta a theastaíonn, mar is é an chúis is mó a meastar iarratais a bheith neamh-incháilithe ná go dteiptear cloí leis seo.

### Cineálacha ábhar tacaíochta

Tá **trí** chineál ábhar tacaíochta ann, atá liostaithe thíos ar bhealach níos mionsonraithe.

### 1. Ábhair thacaíochta éigeantacha

- Is ábhair thacaíochta éigeantacha iad ábhair **nach mór** a sholáthar i dteannta d'fhoirme iarratais. Beidh na cineálacha ábhar tacaíochta a theastaíonn **ag brath ar an mbanda maoinithe faoina bhfuil tú ag déanamh iarratais.** Ba cheart duit féachaint ar **Tháblaí 1 agus 2 (thíos), ina leagtar amach na híoscheanglais maidir le hábhair thacaíochta éigeantacha** i ngach banda maoinithe agus conas na hábhair sin a ullmhú.

### 2. Ábhair éigeantacha a theastaíonn i gcásanna áirithe

- Maidir le hiarratais a bhaineann le hainmhithe

Ba cheart duit féachaint ar **Tháblaí 1 agus 2 (thíos), ina leagtar amach na sonraí maidir le hábhair thacaíochta éigeantacha** i ngach banda maoinithe.

### Tabhair faoi deara

- Le bheith incháilithe le haghaidh measúnú faoi Scéim Infheistíochta na bhFéilte, **ní mór duit a chinntiú go gcuirtear aon** ábhar tacaíochta éigeantach isteach **ar líne**
- **Measfar d'iarratas neamh-incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta éigeantach isteach agus ní dhéanfar é a mheas.**

### 3. Ábhar tacaíochta roghnach

- Ag brath ar chineál d'iarratais agus ar an gclár atá beartaithe, b'fhéidir gur mhaith leat ábhair thacaíochta eile a chur san áireamh chun tacú le d'iarratas – e.g. dréachtchlár mionsonraithe nó faisnéis chúlra faoi d'fhéile. Is féidir ábhair a chur san áireamh a chreideann tú a thacaíonn le do chás ag iarraidh tacaíochta.
- Cinntigh le do thoil go bhfuil na hábhair thacaíochta roghnacha soiléir agus gonta.

### Ábhair thacaíochta a theastaíonn le haghaidh gach banda iarratais

Leagtar amach i sa tábla na cineálacha ábhar tacaíochta a theastaíonn chomh maith le d'fhoirm iarratais. **Braithfidh sé ar nádúr d'iarratais agus an banda maoinithe a bhaineann le d'iarratas.**

**Tábla 1**

| **Ábhair thacaíochta** | **Banda Maoinithe A** | **Banda Maoinithe B** | **Banda Maoinithe C** |
|---|---|---|---|
| CVanna na ndaoine a bhainistíonn d'fhéile | **Níl sé éigeantach ach d'iarratasóirí a bhfuil féile nua á beartú acu** | Neamhriachtanach | Neamhriachtanach |
| Litreacha nó comhaontuithe tacaíochta/meabhrán tuisceana le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agat in 2025 (***is gá ceann amháin dóibh a bheith ó d'údarás áitiúil**) | Roghnach | **Éigeantach 3 litir ar a mhéad** | **Éigeantach 5 litir ar a mhéad*** |
| Plean Straitéiseach, Plean Forbartha Féile nó Plean Gnó | Neamhriachtanach | Neamhriachtanach | **Éigeantach** |
| Ráiteas um leas ainmhithe | *Más ábhartha do d'iarratas* | *Más ábhartha do d'iarratas* | *Más ábhartha do d'iarratas* |
| Dréachtchlár imeachtaí i gcomhair do thogra 2025 | Roghnach | Roghnach | Roghnach |

**Measfar d'iarratas neamh-incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar/na hábhair tacaíochta éigeantach(a) isteach agus ní dhéanfar é a mheas**

## Do chuid ábhair thacaíochta a ullmhú

### Tábla 2

| | |
|---|---|
| **CVanna na ndaoine a bhainistíonn d'fhéile** | **ÉIGEANTACH d'IARRATASÓIRÍ FÉILE NUA AMHÁIN**<br><br>**Ní iarrtar ort CVanna a sholáthar ach amháin má tá iarratas á dhéanamh agat ar fhéile nua.** Ionas gur féidir leo siúd a dhéanfaidh measúnú ar d'iarratas tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a mbainisteofar d'fhéile, ba cheart CVanna na ndaoine a bhainistíonn an tionscadal beartaithe a bheith in éineacht le d'iarratas. Ba cheart do do CV aird a tharraingt ar aon taithí ábhartha maidir le cláir féilte nó imeachtaí a bhainistiú, a choimeád nó a léiriú.<br><br>**Ba cheart CVanna a chur i gcáipéis amháin** agus iad a uaslódáil in éineacht le d'ábhair iarratais eile. |
| | |
| **Litreacha /comhaontuithe tacaíochta/meabhráin tuisceana le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agat in 2025** | **ÉIGEANTACH D'IARRATASÓIRÍ AR BHANDA B & BANDA C**<br><br>**Cad is 'litir thacaíochta' ann?**<br><br>Ráiteas **scríofa** a rinne duine ar leith nó eagraíocht a thacaíonn le do **chlár féile beartaithe** atá i litir thacaíochta. (D'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfoirm ríomhphoist seolta chuig an bhféile agus ina leagtar amach mionsonraí na tacaíochta.) **Níor CHEART go mbeadh sé ón iarratasóir maidir lena fhéile féin.**<br><br>Tá líon na litreacha a bheidh ag teastáil i ngach mbanda maoinithe leagtha amach i **dtábla 1**. Ní mór duit a chinntiú go mbaineann do litreacha tacaíochta le do **chlár beartaithe le haghaidh 2025. Ní** ghlacfaimid le doiciméid a bhaineann le **tionscadal féile roimhe seo,** mar sin ba cheart duit a chinntiú go bhfuil dátaí beartaithe na féile san áireamh i do litreacha.<br><br>Agus do litreacha tacaíochta a réiteach agat ba cheart duit iad a chur ar fáil ón raon páirtithe leasmhara éagsúla is fearr a thugann le fios agus a léiríonn réimse comhpháirtíochtaí na féile.<br><br>**Ní mór do litreacha tacaíochta a chur i gcáipéis amháin** agus a uaslódáil le hábhair eile a bhaineann le d'iarratas.<br><br>**Cad is MT ann?**<br>Ciallaíonn MT meabhrán tuisceana. Is comhaontú é a dhéanann achoimre ar an gcineál comhpháirtíochta idir dhá pháirtí nó níos mó. Cuirtear teimpléad de mheabhrán tuisceana na Comhairle Ealaíon ar fáil d'iarratasóirí anseo.<br><br>**NÓTA D'IARRATASÓIRÍ AR BHANDA C AMHÁIN**<br>Tabhair faoi deara **nach mór ceann** de do litreacha tacaíochta a bheith ó **d'údarás áitiúil le bheith incháilithe do thacaíocht i mbanda C den** |

| | |
|---|---|
| | <u>**mhaoiniú.**</u> Is féidir é sin a bheith ó aon roinn laistigh den údarás áitiúil. Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas sa litir ar an bhfáth a dtacaíonn an t-údarás áitiúil le hobair d'fhéile nó ar an gcúis a dtacaíonn sé leis an obair sin. Má sholáthraíonn an t-údarás áitiúil tacaíocht chomhchineáil nó airgeadais, ba cheart é sin a chur san áireamh freisin. Glacfaimid freisin le litreacha tacaíochta ó Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta **do na heagraíochtaí sin a bhfuil cláir féile á gcur i bhfeidhm acu sa Ghaeltacht**. |
| | |
| **Plean straitéiseach/gnó nó plean forbartha féile** | **ÉIGEANTACH D'IARRATASÓIRÍ AR BHANDA C**<br><br>Is cáipéis phleanála nó oibre atá ann, a thugann fianaise go bhfuil fís soiléir d'fhéile forbartha agat do na blianta atá romhainn agus tiomantas maidir leis an athbhreithniú agus measúnú ar a cuid oibríochtaí.<br>Ba cheart go mbeadh sraith gníomhaíochtaí oibríochtúla nó plean mionsonraithe do d'eagraíocht sa phlean ar chóir é a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Ba cheart go dtabharfaí breac-chuntas ann ar an tslí ina bhforbrófar d'fhéile agus an bhainistíocht, acmhainní agus tacaíochtaí a theastaíonn mar bhonn taca ag cur i gcrích rathúil an phlean seo.<br>Ba cheart go mbeadh sé mar chomhlánú agus mar bhonn taca don chlár beartaithe agat i d'iarratas.<br><br>**Tabhair faoi deara**<br>Má tá plean straitéiseach, plean gnó nó plean forbartha féile reatha ag d'eagraíocht, **ba cheart** é seo a uaslódáil le d'iarratas. Má tá an chéad bhliain den phlean thart, ba cheart don eagraíocht fianaise a chur ar fáil ag léiriú gur thug sí faoi athbhreithniú ar an bplean agus é a nuashonrú dá réir.<br><br>Ba cheart d'eagraíochtaí nach bhfuil plean straitéiseach, plean gnó ná plean forbartha féile acu, feidhm a bhaint as <u>Teimpléad Phlean Forbartha Féile</u> de chuid na Comhairle Ealaíon ar chóir é a chomhlánú agus a uaslódáil le d'iarratas.<br><br>**An bhfuil gá ann le leagan amach faoi leith don phlean straitéiseach, gnó nó forbartha féile?**<br><br>Níl leagan amach caighdeánaithe de dhíth don cháipéis a chuirfidh tú ar fáil mar beidh difear ó eagraíocht go heagraíocht maidir le straitéisí gnó agus raon agus scála oibre. Ba cheart, áfach, go n-úsáidfí teanga shoiléir agus ghonta. |
| | |
| **Ráiteas um leas ainmhithe** | **ÉIGEANTACH MÁ BHAINEANN AINMHITHE LE D'IARRATAS**<br>Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil. |
| | |

| | |
|---|---|
| **Dréachtchlár imeachtaí i gcomhair do thogra 2025** | Is doiciméad roghnach é sin agus ní cheanglaítear ar iarratasóirí é a sholáthar mura mian leo tuilleadh sonraí a sholáthar faoina gclár beartaithe do 2025. Níl aon fhormáid shocraithe ag teastáil ach moltar d'iarratasóirí an fhaisnéis a choinneáil soiléir agus gonta. B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar mhiondealú a chur ar fáil ar amchlár do chláir féile, tuilleadh sonraí faoi na healaíontóirí atá i gceist agus aon fhaisnéis choimeádaithe a chreideann tú a thacaíonn le d'iarratas.<br><br>**Ba cheart faisnéis bhreise faoin gclár a chur i gcáipéis amháin** agus iad a uaslódáil in éineacht le d'ábhair iarratais eile. |

## Nóta tábhachtach

**An fhormáid le haghaidh ábhar tacaíochta**
Ní mór gach ábhar tacaíochta don chlár maoinithe seo a chur isteach ar líne. **Ní ghlacfar le cóipeanna crua nó cóipeanna a sheoltar trí ríomhphost d'ábhar tacaíochta.**

Má bhíonn eolas uait faoi na formáidí is féidir leat a úsáid don ábhar tacaíochta is mian leat a uaslódáil mar chuid de d'iarratas, féach ar chuid **2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas**.

## 1.9 Incháilitheacht

Measfar go bhfuil d'iarratas **neamh-incháilithe** agus ní chuirfear é chun cinn sa phróiseas iarratais má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

1. Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
2. Ní sheolann tú isteach foirm iarratais chomhlánaithe trí Sheirbhísí Ar Líne (ní ghlacfar le foirm iarratais a cheanglaítear mar cháipéis tacaíochta).
3. Níor chomhlánaigh tú gach rannán den fhoirm iarratais a bhaineann le do thogra.
4. Ní féidir leat iarratas a chur isteach mar a leagtar amach i gcuid **1.3** agus i gcuid **1.5** thuas.
5. Chuir tú iarratas isteach le haghaidh gníomhaíochta nó cuspóra nach féidir iarratas a dhéanamh ina leith faoi mar a leagtar amach i gcuid **1.6** thuas.
6. Níor chuir tú gach ceann de na hábhair thacaíochta riachtanacha mar a leagtar amach i gcuid **1.8** thuas ar fáil.
7. Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht mhaoinithe eile (cuirfimid an deis maoinithe níos oiriúnaí in iúl duit sa chás seo).

**Tabhair faoi deara:** sa chás go meastar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfar measúnú air.

# 2. D'iarratas a dhéanamh

## 2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).
Ní mór go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

**Ní mór duit clárú mar eagraíocht/grúpa** agus ní mar dhuine aonair.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat trí ríomhphost, agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

### Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

**Tabhair faoi deara:** caithfidh tú ríomhaire nó ríomhaire glúine a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| Ríomhaire | • Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows<br>• Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g.. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |
| Mac | • Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac<br>Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

**Tabhair faoi deara:** ní mór go mbeadh Microsoft Word nó OpenOffice Writer ar an ríomhaire freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: https://www.openoffice.org.

### Úsáideoirí OpenOffice

Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo.
**Ní mór duit** OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

### Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuaí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

### Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.
D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

### Tacaíocht theicniúil a fháil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie nó trí ghlaoch a chur ar 01 6180200/01 6180243. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn tamall maith roimh an spriocdháta. Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt. Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.
Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta agus go mb'fhéidir nach réiteofar glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis a 2.00 p.m. ar lá an spriocdháta.

## 2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis atá comhoiriúnach le Microsoft Word/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

**Tabhair faoi deara:** tá an fhoirm iarratais leagtha amach chun go mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann faisnéis a bhaint uaithi chun críocha measúnaithe. Tá sé **thar a bheith tábhachtach** go mbeidh freagraí clóscríofa sna boscaí liatha ar an bhfoirm, agus nach mbainfear iad agus/nó nach mbeidh rud ar bith clóscríofa lasmuigh díobh. Má dhéanann tú é sin, beidh fadhbanna ann agus d'fhoirm á huaslódáil.

## 2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. Mar shampla, d'fhéadfaí litir thacaíochta a áireamh leis seo – e.g. téacs, físeán, íomhánna nó taifeadtaí fuaime (féach ar chuid **1.8 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**).

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta uile den sórt sin a chur isteach ar líne – ba cheart duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

## Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas formáidí comhaid le haghaidh ábhar tacaíochta.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| téacschomhaid | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| comhaid íomhá | .jpg/.gif/.tiff/.png |
| comhaid fuaime | .wav/.mp3/.m4a |
| comhaid físe | .avi/.mov/.mp4 |
| scarbhileoga | .xls/.xlsx |
| Comhaid Adobe Acrobat Reader | .pdf |

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

## Naisc URL a chur isteach

**Tabhair faoi deara:**is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin agus suíomhanna gréasáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. **Ní mór** ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta srl. a uaslódáil mar dhoiciméid aonair le d'iarratas.

In áit d'ábhar a uaslódáil go díreach, féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar ardáin sruthaithe nach gcuireann teorainn ar rochtain trí shíntiús airgeadais. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán na háite ina bhfuil d'ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word nó OpenOffice Writer nó doiciméad PDF agus uaslódáil í mar cháipéis thacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Cé nach liosta iomlán é seo, ba shamplaí d'ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud, Bandcamp.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram

**Tabhair faoi deara:** ní bhreathnóidh na measúnóirí ach amháin ar naisc URL a chuireann tú ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú cinnte go n-oibríonn gach nasc sa doiciméad **agus** go dtugann na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart ionas go mbeidh an breathnóir in ann rochtain a fháil ar d'ábhar tacaíochta agus breathnú air.

Ná marcáil d'ábhar mar 'príobháideach' mar nach mbeidh sé ar fáil lena mheasúnú. Athraigh na socruithe ar d'fhíseán go 'neamhliostaithe' más rud é nár mhaith leat go mbeadh an pobal in ann féachaint ar ábhar tacaíochta an iarratais ar do chainéal YouTube.

### Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|---|---|
| **Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell** | russelljack iarratas ar Thionscadal Ailtireachta.doc<br>russelljack gearrthóg taibhithe.mp4<br>russelljack Tionscadal ailtireachta teimpléad buiséid babhta 1.xls<br>russelljack nasc youtube.doc |

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

## 2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d'iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

### 2.4.1 Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil foirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d'iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

### 2.4.2 Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba cheart gurb ionann **an méid atá á iarraidh** agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid **5** den fhoirm iarratais.

### 2.4.3 Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d'fhoirm iarratais atá comhlánaithe agat a uaslódáil agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile (féach ar chuid **1.8 Cén t-ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach le d'iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d'iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

**Tabhair faoi deara:** má tá d’fhoirm iarratais curtha i gcrích agat mar chomhaid **.docx,** agus má tá tú muiníneach go bhfuil d’fhoirm iarratais líonta isteach i gceart (lena n-áirítear clóscríobh laistigh de na réimsí liatha) ach go léiríonn na seirbhísí ar líne teachtaireacht a deir nach féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht í a shábháil mar chomhaid **.doc** agus í a uaslódáil arís.

### 2.4.4 Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d’iarratas uaslódáilte agat agus tic curtha leis an dearbhú agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d’iarratas. D’fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d’uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhaineann leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara**: tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh an uimhir iarratais.

# 3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

## 3.1 Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, tugann sí breith orthu agus cuireann sí a breith in iúl do na hiarratasóirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh.

## 3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 1 | I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:<br>• Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.<br>• Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.<br>**Tabhair faoi deara:** ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh maoiniú.<br>Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie |
| 2 | Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Féach ar chuid **1.9 Incháilitheacht** thuas. |
| 3 | I roinnt cásanna, b'fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. I gcás mar sin, déanfaimid teagmháil leat agus fiafróimid díot an bhfuil tú sásta go mbogfaimid d'iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Beidh ort ansin rogha a dhéanamh d'iarratas a bhogadh, nó é a fhágáil faoin réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air. |
| 4 | Déanann comhairleoir(í) agus/nó baill foirne measúnú scríofa ar an iarratas agus tugann an coiste feidhmiúcháin scór dó ina dhiaidh sin. |
| 5 | Cuirtear iarratais a scórálann 60% agus níos airde ar ghearrliosta do mheasúnú do mhaoiniú. Ní bhreithneofar orthu iad siúd a scórálann faoi bhun 60%. |
| 6 | Déanann an feidhmeannach athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus ar mholtaí agus déanann siad cinntí maoiniúcháin. Déantar cinntí maoinithe in ord scór iarratais go dtí go leithdháiltear an buiséad atá ar fáil. |
| 7 | Cuirtear na cinntí maoiniúcháin in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn. |
| 8 | Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí maoiniúcháin. |

**Creat ama le haghaidh cinntí dámhachtana**

Tá súil ag an gComhairle Ealaíon na cinntí maidir le Babhta 2 de Scéim Infheistíochta na bhFéilte 2025 a fhógairt ag deireadh mhí Feabhra 2025.

## 3.3 Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear an fhoirm iarratas agus na hábhair thacaíochta san áireamh. Déantar measúnú ar gach iarratas i gcoinne na gcritéar seo a leanas: **a)** fiúntas ealaíne agus foirm ealaíne, **b)** an chaoi a gcomhlíonann siad tosaíochtaí na dámhachtana, agus **c)** indéantacht. Cuirtear síos ar gach ceann de na critéir sin thíos.

### a) Tosaíochtaí a bhaineann le fiúntas ealaíne agus foirm ealaíne

I gcás an mheasúnaithe ar an bhfiúntas ealaíne, dírítear ar chleachtas an iarratasóra roimhe sin agus ar nádúr na gníomhaíochta atá beartaithe, chomh maith le breithniú ar an méid seo a leanas:

- Caighdeán an smaoinimh agus an chláir beartaithe de réir mar atá léirithe ar an bhfoirm iarratais
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon lena mbaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe
- Léiriú d'ardchaighdeán ealaíne agus físe (ealaíontóirí agus clár)
- Tacaíocht don fhorbairt cleachtas ealaíon/foirmeacha ealaíne aonair agus cumas a fhorbairt i measc ealaíontóirí agus cleachtóirí.
- An uaillmhian agus an úrnuacht atá léirithe sa togra.

Chomh maith le fiúntas ealaíne, tabharfar tús áite d'iarratais atá ag teacht leis na tosaíochtaí foirmeacha ealaíne seo a leanas. Beidh measúnú ar thosaíochtaí foirmeacha ealaíne ag brath ar réimse na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon atá ábhartha do thogra an iarratasóra. Tá na tosaíochtaí éagsúla leagtha amach i dtábla 3 (thíos).

**Tábla 3**

| Réimse foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon | Tosaíocht: |
|---|---|
| **Ailtireacht** | • Ina gcuirtear tuiscint ar chláir ailtireachta a sholáthar don phobal in iúl go soiléir agus ina ndírítear ar thuiscint an phobail ar ailtireacht a fhorbairt thar an gcaidreamh traidisiúnta idir an t-ailtire agus an cliant. |
| **Rannpháirtíocht sna hEalaíona** | • Ina gcuimsítear cruthú agus/nó cur i láthair saothair atá uaillmhianach go healaíonta arna fhorbairt ag ealaíontóir |

| | |
|---|---|
| | gairmiúil/ealaíontóirí gairmiúla i gcomhar le gairmithe neamh-ealaíne (daoine aonair nó grúpaí).<br>• Déan cur síos soiléir ar réasúnaíocht agus modheolaíochtaí le haghaidh rannpháirtíochta agus comhoibriú ealaíonta le rannpháirtithe a chur san áireamh.<br>• Ina soláthraítear deiseanna le haghaidh comhar ealaíonta idir daoine aonair agus grúpaí ó chúlraí cultúrtha éagsúla – i gcomhthéacs bheartas na Comhairle Ealaíon ar Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (Éagsúlacht Chultúrtha agus na hEalaíona; beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht.) |
| **Sorcas, Sráidealaíona & Seónna** | • Tionscadail ina léirítear gnéithe ardchaighdeáin de chomhoibriú trasdisciplíneach.<br>• A forbraíodh i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus/nó le heagraíochtaí foirmiúla ag a bhfuil cuntas teiste bunaithe i soláthar seirbhísí ealaíon agus/nó clár ealaíne (e.g. ionaid ealaíon, eagraíochtaí acmhainní, compántais léiriúcháin, etc.). |
| **Damhsa** | • Ina gcuirtear i láthair damhsa atá uaillmhianach go healaíonta a thrasnaíonn seánraí, dírithe ar thaibhithe d'ardchaighdeán agus ina bhféachtar le pobail nua a fhorbairt don damhsa.<br>• Tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí, do chomhléiriú agus do chomhoibriú ar fud earnáil an damhsa agus earnáil na n-ealaíon i gcoitinne.<br>• Ina léirítear an cumas cur le mórfhorbairt fhoirm ealaíne agus lucht féachana shaothair dhamhsa na hÉireann agus saothair damhsa idirnáisiúnta araon. |
| **Scannánaíocht** | • Ina dtugtar deiseanna uathúla don lucht féachana/éisteachta teacht ar chineama cultúrtha<br>• Ina gcomhlíontar gníomhaíocht eile scannáin, in ionad í a mhacasamhlú. |
| **Litríocht** | • Iarratais ina sceidealtar ócáidí litríochta comhaimseartha ar chlár ar bhealaí uaillmhianacha samhailteacha<br>• Ina ndírítear ar lucht léitheoireachta a fhorbairt don litríocht chomhaimseartha<br>• Iarratais ina léirítear go dtugtar luach saothair cóir agus cothrom do scríbhneoirí agus d'ealaíontóirí rannpháirteacha<br>• Ina n-oibrítear le díoltóirí leabhar agus/nó le leabharlanna. |
| **Ceol** | • Clár féile atá dírithe ar thaibhithe gairmiúla poiblí d'ardchaighdeán<br>• Ina mbaintear úsáid as ceol Éireannach mar is cuí. |
| **Na hEalaíona Ildisciplíneacha** | • Ardán a chur ar fáil do roinnt foirmeacha ealaíne éagsúla.<br>• Ina léirítear cuir chuige shamhlaíocha i leith clársceidealaithe ar fud foirmeacha ealaíne, ag tacú le tionscnaimh nua ealaíon comhcheangailte<br>**Iarratasóirí ar Bhanda C amháin:**<br>• Ardán a chur ar fáil do roinnt foirmeacha ealaíne éagsúla agus tionscnaimh a fhorbairt chun tacú lena bhforbairt.<br>• Deiseanna a thabhairt d'ealaíontóirí ó fhoirmeacha ealaíne difriúla comhoibriú lena chéile, agus smaointe nua a thriail |

| | |
|---|---|
| **Ceoldrámaíocht** | • Clár féile atá dírithe ar thaibhithe gairmiúla poiblí d'ardchaighdeán<br>• Ina mbaintear úsáid as ceoldrámaíocht Éireannach mar is cuí. |
| **Amharclannaíocht** | • Ina bhféachtar le teorainneacha na hamharclannaíochta a shíneadh ó thaobh trialach agus nuálaíochta de.<br>• Ina bhforbraítear foirm ealaíne na hamharclannaíochta: d'fhéadfadh sé sin bheith i gcomhthéacs saothar idirdhisciplíneach taibhléirithe agus cineálacha cur chuige i leith na hamharclannaíochta agus an chuir i láthair nach bhfuil bunaithe ar insint<br>• Ina bhféachtar le hócáidí amharclannaíochta a chruthú i spásanna taobh amuigh den amharclann agus i spásanna neamhghnácha agus/le haghaidh pobail nach mbíonn rochtain rialta acu ar amharclannaíocht ghairmiúil. |
| **Na hEalaíona Traidisiúnta** | • Iarratais ina léirítear an tábhacht a bhaineann le béim réigiúnach a bheith ann agus féile á cláreagrú<br>• Ina ndírítear ar chur i láthair léirithe nua agus ar chomhshaothar.<br>• Ealaíontóirí áitiúla agus réigiúnacha a chur i láthair agus a thaispeáint mar chuid de chlár níos leithne.<br>• Ina dtugtar deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga bheith rannpháirteach sa chlár ealaíne. |
| **Na hAmharc-ealaíona** | • Ina léirítear go soiléir tuiscint ar an gcaoi leis na hamharc-ealaíona a sholáthar do dhaoine nach bhfuil saineolas acu ar an bhfoirm ealaíne sin.<br>• Iarratais ina bhfuil tiomantas do, nó fócas ar thacaíocht d'fhorbairt ealaíontóirí<br>**D'iarratasóirí ar Bhanda C amháin:**<br>• Tacú le coimisiúin atá dírithe ar phobail áite nó ar phobail chomhspéise |
| **Daoine Óga Páistí & Oideachas** | • A bhfuil tiomantas ar leith acu do leanaí nó rannpháirtíocht daoine in eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán, nó ina ndírítear go sonrach orthu<br>• Ina léirítear eolas agus tuiscint ar an sprioc-aoisghrúpa nó na sprioc-aoisghrúpaí, agus ina gcuimsítear straitéisí chun rannpháirtíocht daoine óga leis na healaíona a fhorbairt agus a fheabhsú.<br>• Ina bhfuil straitéisí chun a chinntiú gur féidir le leanaí agus daoine óga ó chúlraí a mbaineann ilghnéitheacht shóisialta agus/nó chultúrtha leo a bheith rannpháirteach san fhéile<br>• Ina dtugtar deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga bheith rannpháirteach sa chlár ealaíne agus eolas a dhéanamh dá phleanáil agus/nó a mheasúnú. |

## b) Tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh

Déantar iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh – feic cuid **1.2 Cuspóirí, aidhm agus tosaíochtaí na dámhachtana seo** le tuilleadh sonraí a fháil.

### c) Indéantacht

Breathnaítear sa mheasúnú indéantachta ar an gcumas a léiríonn an t-iarratasóir an ghníomhaíocht atá beartaithe a chomhlíonadh. Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe agus an bainistiú a dhéanfar air
- An fhaisnéis airgeadais a chuirfear ar fáil
- Cuntas teiste na heagraíochta (nó a foirne bainistíochta más eagraíocht úr atá inti)
- Infhaighteacht na dtacaíochtaí nó na bpáirtithe eile a aithnítear san iarratas
- A mhéid a léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil coinníollacha agus luach saothair cothrom á soláthar do na healaíontóirí rannpháirteacha.

## 3.4 Próiseas scórála

Tá sé beartaithe le córas scórála na Comhairle Ealaíon do Scéim Infheistíochta na bhFéilte soiléireacht a chur ar fáil d'iarratasóirí i gcomhthéacs an chaoi a ndéantar a n-iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a cheaptar gur chomhlíon na hiarratais gach critéar.[5]

Breithneoidh measúnóirí na hiarratais ag baint úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil san iarratas, ar a n-eolas faoi obair d'eagraíochta san fhearann poiblí, ar a n-eolas faoi thírdhreach na n-ealaíon i gcoitinne, agus ar an gcomhthéacs iomaíoch ina ndéantar na hiarratais ar fad a mheasúnú.

Féadfaidh na measúnóirí scór a bhronnadh go dtí an 0.5 is gaire.

[5] *Is féidir 0.5 sa bhreis a chur i bhfeidhm ar scór iarratais faoi chritéar 'Tosaíochtaí na dámhachtana' mar fhreagairt ar thogra iarratais i gcás ina bhfuil sé ag teacht le tosaíochtaí spásúla agus déimeagrafacha na Comhairle Ealaíon mar atá leagtha amach i mbeartas spásúlachta na Comhairle Ealaíon, ['Áit, Spás agus Daoine '.](#)*

Is iad seo a leanas na scóir a úsáidfear:

| Scór uimhriúil | Luach focal | Míniú |
|---|---|---|
| **6** | Go hIontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfear é go fíorspárálach. |
| **5.5** | | Ag barr 'Sármhaith'. |

| | | |
|---|---|---|
| **5** | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go sochreidte agus go rathúil san iarratas. Soláthraítear an fhaisnéis agus an fhianaise ar fad a theastaíonn agus níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann. |
| **4.5** | | Ag barr "Go hAn-Mhaith". |
| **4** | Go hAn-Mhaith | Pléitear an critéar go han-mhaith san iarratas. Tugtar faisnéis shoiléir faoin bhfianaise a theastaíonn ann. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach. |
| **3.5** | | Ag barr 'Go Maith'. |
| **3** | Go maith | Pléitear an critéar go maith san iarratas, cé go bhféadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar faisnéis ann ar gach gné den fhianaise a theastaíonn beagnach, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann. |
| **2.5** | | Idir "Maith go Leor" agus "Go Maith" |
| **2** | Maith go leor | Déantar plé leathan ar an gcritéar san iarratas, ach tá laigí ann. Tugtar faisnéis ábhartha ann, ach tá roinnt réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir. |
| **1.5** | | Ag bun 'Maith go leor'. |
| **1** | Go dona | Tá beagán fianaise nó faisnéis ábhartha san iarratas i gcomhthéacs an chritéir agus níl sé fíorláidir nó áititheach i gcomhthéacs maoiniú iomaíoch. |
| **0** | Easnamhach | Ní phléitear an critéar san iarratas nó ní féidir breithiúnas a thabhairt air mar gheall ar fhaisnéis ar iarraidh nó atá neamhiomlán. |

**Conas a ualaítear na scóir?**

Déanfar gach scór faoi gach critéar a mhéadú faoi ualú chun rátáil a fháil. Cinntear an rátáil de réir na tábhachta coibhneasta a chuireann an Chomhairle Ealaíon le gach critéar. Léirítear an scór deiridh mar chéatadán.

Bainfear úsáid as na peircintílí agus an t-ualú seo a leanas:

| | **Peircintíl** | **Ualú** |
|---|---|---|
| Fiúntas ealaíne agus tosaíochtaí maidir le foirm ealaíne | 35% | (5.83) |
| Tosaíochtaí na dámhachtana | 45% | (7.5) |

| | | |
|---|---|---|
| Indéantacht | 20% | (3.33) |
| **Iomlán** | **100%** | |

**Sampla**

| Critéar | Scór | Ualú | Céatadán |
|---|---|---|---|
| Fiúntas ealaíne agus tosaíochtaí maidir le foirm ealaíne | 5.0 | (5.83) | 29.2% |
| Tosaíochtaí na dámhachtana | 4 | (7.5) | 30% |
| Indéantacht | 4.5 | (3.33) | 14.9% |
| **Iomlán** | | | **74.1%** |

**Cén bhaint atá ag scóir le tairiscintí ar mhaoiniú?**

Beidh ról suntasach ag scóir maidir le tairiscintí ar mhaoiniú a dhéanamh, **agus cuirfear na hiarratais sin a fhaigheann scór 60% nó níos airde ar an ngearrliosta agus déanfar breithniú orthu i gcomhair maoinithe.** Léireoidh na méideanna maoiniúcháin a thairgfear an cineál buiséid a bhfuil an Chomhairle Ealaíon ag feidhmiú laistigh de. Léireoidh sé nádúr iomaíoch na scéime fosta.

Mar chuid dár bpróiseas leanúnach bainistíochta caidrimh, úsáidfear scóir chun bonn eolais a chur faoi phlé le heagraíochtaí maidir le réimsí ina bhfuil ag éirí go maith leo agus réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú. Ní thugaimid ainmneacha iarratasóirí eile nó ní chomhroinnimid faisnéis le hiarratasóirí faoi na scóir a bhain iarratasóirí eile amach.

### Tabhair faoi deara

Cuirtear iarratais a scórálann 60% agus níos airde ar ghearrliosta agus déantar measúnú orthu le haghaidh maoinithe. Níor cheart d’iarratasóirí **glacadh leis** gur dearbhú é seo go mbeidh tairiscint mhaoinithe ann; braitheann seo ar an gcomhthéacs buiséadach agus iomaíoch i ngach babhta. Dáiltear maoiniú in ord scóir na n-iarratas (de réir réimse foirme ealaíne). I roinnt cásanna is féidir nach mbeidh an buiséad ar fáil chun gach iarratas a scórálann níos mó ná an tairseach 60% a mhaoiniú.

**Tosaíocht an bhuiséid**

I gcomhréir le straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh 2016-2025 agus le Beartas agus Straitéis na bhFéilte 2020-2025, tugtar tosaíocht

don bhuiséad do na réimsí seo a leanas: Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO), Na Sráidealaíona agus Seónna agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona.

## 3.5 Toradh na n-iarratas

**Iarratais rathúla**

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh a n-iarratas.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat trí ríomhphost ina sonrófar méid an mhaoinithe a dhámhfar ort chomh maith le téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana agus an measúnú ar d'iarratas. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas; seolfar an measúnú ar d'iarratas chugat go huathoibríoch.

**Iarratais neamhrathúla**

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Mura n-éireoidh le d'iarratas, cuirfear in iúl duit trí ríomhphost agus ansin seolfar an measúnú ar d'iarratas chugat.

Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

**Achomhairc**

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/ nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.